

Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta & Riosca

1. Comhdhéanamh an Choiste

Tá an Coiste Iniúcháireachta & Riosca comhdhéanta de Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin chun neamhspleáchas a chinntiú. Moltar gur chóir go mbeadh Stiúrthóirí nach bhfuil ina suí ar an gCoiste Creidmheasa ar an gCoiste.

Ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, mairfidh ballraíocht an Choiste Iniúcháireachta & Riosca 3 bliana, ar féidir síneadh 3 bliana eile a chur leis más gá. Moltar sa Chód freisin go mbeidh taithí airgeadais le déanaí agus ábhartha ag ball amháin ar a laghad den Choiste.

I bhfianaise na taithí shuntasach airgeadais agus ábhartha eile ar an mBord, ceapfar Coiste Iniúcháireachta & Riosca oiriúnach as a chomhaltaí.

Eiseofar litir cheapacháin chaighdeánach chuig gach ball ceaptha den Choiste Iniúcháireachta & Riosca tar éis athainmnithe an Choiste.

Dáilfí Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta & Riosca ar bhaill an Choiste ar a seal, mura gceapann an Bord cathaoirleach.

Triúr comhaltaí den Choiste a bheidh i láthair go pearsanta mar chóram do chruinnithe den Choiste.

2. Minicíocht na gcruinnithe

Éilíonn an Cód Cleachtais reatha um Rialachas Comhlachtaí Stáit go dtiocfaidh an Coiste Iniúcháireachta & Riosca le chéile ceithre huair sa bhliain.

3. Údarás

Tá an Coiste údaraithe ag an mBord chun aon ghníomhaíocht a bhreithniú laistigh dá théarmaí tagartha. Tá dualgais mhionsonraithe an Choiste leagtha amach i mír 4 thíos.

Ní mór do bhaill aonair den Choiste Iniúcháireachta & Riosca aird ar leith a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa (nó coinbhleachtaí féideartha) a sheachaint maidir le hiasachtaí a cheadú nó a mholadh. Má thagann coimhlínt fhéideartha chun cinn, ba chóir an Coiste Iniúcháireachta & Riosca a chur ar an eolas.

Is féidir leis an gCoiste, le faomhadh ón mBord, comhairle ghairmiúil neamhspleách lasmuigh a fháil agus freastal sainchomhairleoirí a bhfuil taithí agus saineolas ábhartha acu a dhaingniú, má mheasann sé go bhfuil gá leis sin.

Ní mheasfar rún ar bith rite ag aon chruinniú den Choiste Iniúcháireachta & Riosca mura mbeidh gach comhalta de a bheidh i láthair ag an gcruinniú sin tar éis vótáil i bhfabhar na rún sin.

Beidh feidhm mutatis mutandis ag forálacha Airteagal 95 de Bhunreacht GAT (a bhaineann le rúin i scríbhinn).

4. Dualgais

Is iad seo a leanas dualgais an Choiste Iniúcháireachta & Riosca:

- i. cuidiú leis an athbhreithniú ar Chuntais Bhainistíochta agus Ráitis Airgeadais;
- ii. costas athbhreithnithe na gcistí agus na rátaí úis athraitheacha a ghearrtar;
- iii. an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh a athbhreithniú;
- iv. áiritheoidh siad go gcomhlíonfar oibleagáidí dlíthiúla agus oibleagáidí rialála eile;
- v. breithniú agus tuairisciú a dhéanamh, don Bhord, ar cibé ábhair ghaolmhara a chuirfidh an Bord faoina bhráid ó am go ham;
- vi. maoirseacht a dhéanamh ar Chlár Riosca an GAT agus tuairisc a thabhairt don Bhord air, i gcomhréir le hAlt 8.1 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit;
- vii. athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha agus aon athruithe ar bheartais chuntasaíochta a fhorghnóthas mar chuid d'athbhreithniú bliantúil ar Ráitis Airgeadais an GAT;
- viii. i gcás ina n-iarrfaidh an Bord é, comhairle a chur ar fáil i dtaobh an bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais, arna nglacadh ina n-iomláine, ceart, cothrom agus intuigthe agus i dtaobh an fhaisnéis is gá a sholáthar do scairshealbhóirí chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar shamhail ghnó agus ar straitéis an GAT;
- ix. beidh an t-údarás aige imscrúdú a dhéanamh ar aon ábhar laistigh dá théarmaí tagartha agus ar na hacmhainní agus an fhaisnéis a theastaíonn uaidh. (Is féidir leis an gCoiste, le ceadú an Bhoird, comhairle ghairmiúil neamhspleách seachtach a fháil agus freastal sainchomhairleoirí a bhfuil taithí agus saineolas ábhartha acu a áirithiú, má mheasann sé gur gá sin.);
- x. monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Achtanna na hÉireann um Chosaint Sonraí
- xi. an ceanglas maidir le luach ar airgead a urramú;
- xii. athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtacht féin ar bhonn bliantúil; agus,
- xiii. tuairisc a thabhairt don Bhord ar an gcaoi ar chomhlíon sé a chuid freagrachtaí.

Idirchaidreamh leis na hIniúcháirí Seachtracha

Go gcinnteodh an Coiste an méid seo a leanas:

- i. cuirtear na hIniúcháirí Seachtracha ar an eolas faoi shaincheistean rialachais chorparáidigh atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- ii. buaileann sé le hIniúcháirí Seachtracha uair sa bhliain ar a laghad, gan aon fheidhmeannaigh a bheith i láthair agus gníomhú mar bhealach cumarsáide idir an Bord agus an iniúcháireacht sheachtrach;

- iii. glacann sé páirt i rannpháirtíocht/athfhrúiliú an Iniúcháir Sheachtraigh;
- iv. má sholáthraíonn an tIniúcháir Seachtrach seirbhísí neamh-iniúcháireachta, míniú ar an gcaoi a gcosnaítear oibiachtúlacht agus neamhspleáchas an Iniúcháir a sholáthar;
- v. gníomhaíonn sé mar bhealach cumarsáide idir an Bord agus an t-iniúcháir seachtrach; agus
- vi. tá rannóg ar leith den Choiste Iniúcháireachta & Riosca sa Tuarascáil Bhliantúil lena n-áirítear:
 - na saincheisteanna suntasacha a bhreithnigh sé i ndáil leis na Ráitis Airgeadais, agus an chaoi ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna sin; agus,
 - míniú ar an gcaoi a ndearna sé measúnú ar éifeachtacht an phróisis iniúcháireachta seachtraí agus ar an gcur chuige a glacadh maidir le ceapadh nó athcheapadh an Iniúcháir Sheachtraigh, agus faisnéis maidir le fad tionachta an ghnólaigh iniúcháireachta reatha agus cathain a rinneadh tairiscint go deireanach.

5. Níosanna imeachta tuairiscithe

Ba chóir do Rúnaí an Choiste miontuairiscí na gcruinnithe a scaipeadh ar gach ball den Choiste agus ar an mBord, ag an gcéad chruinniú Boird eile. Foilsíonn an Bord ainmneacha bhaill an Choiste Iniúcháireachta & Riosca i dTuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an GAT.